

Tearmann Éanna CTR

Post mar Bhainisteoir

Sonraí an Phoist

Ról an Bhainisteora

Oibreoidh an bainisteoir faoi stiúir Bhord Stiúrtha Thearmann Éanna i gcur i bhfeidhm chlár oibre na heagraíochta. Is ról ceannasaíochta atá i gceist ag feidhmiú chlár oibre uailmhianach na heagraíochta. Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Thearmann Éanna ó lá go lá, deiseanna forbartha a aithint agus freagracht a ghlacadh as clár oibre na heagraíochta don tithíocht aosta/shóisialta. Tuairisceoidh an bainisteoir do Chathaoirleach Thearmann Éanna i gcomhlíonadh a c(h)uid oibre ó lá go lá agus chuig an mBord Stiúrtha i gcur i gcrích plean oibre na heagraíochta.

Cúramaí an Phoist

- Obair na heagraíochta a stiúradh ó lá go lá.
- Cinntiú go bhfuil spriocanna na heagraíochta, sna réimsí gnímh éagsúla, á mbaint amach agus bainistiú/comhordú a dhéanamh ar chlár oibre na heagraíochta.
- Clár oibre na heagraíochta don tithíocht aosta/shóisialta a thiomáint, bainistiú a dhéanamh ar na láithreacha reatha atá i seilbh na heagraíochta, na forbairtí nua atá ceadaithe a thabhairt chun críche agus deiseanna a aimsiú chun an réimse oibre seo a threisiú.
- Stiúir a thabhairt do chomhordaitheoirí na seirbhísí éagsúla i gcomhlíonadh a gcuid dualgas agus cúramaí.
- Gnóthaí airgeadais na heagraíochta, lena n-áirítear idirphlé le hiniúcháirí, a bhainistiú agus tuairiscí míosúla a ullmhú le cur faoi bhráid an bhord stiúrtha.
- Cinntiú go bhfuil caighdeán ard oibre á bhaint amach ag Tearmann Éanna ina chuid gníomhaíochtaí ar fad agus go leantar dea-chleachtais rialachais ag áireamh na réimsí oibre lena mbaineann cúram do dhaoine leochaileacha.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an chomhlachta ag cruinnithe agus ag ócáidí poiblí nó ar choistí faoi mar a éilítear.
- Aon riachtanais ábhartha gnó eile a éilíonn an Cathaoirleach nó an Bord Stiúrtha ó am go chéile go réasúnach.

Taithí agus Cáilíochtaí

- Scileanna maithe bainistíochta agus forbartha a chuimsíonn bainistiú foirne agus riaradh na hoibre.
- Taithí ar fhorbairt agus/nó bainistiú tionscnaimh suntasacha go háirithe tionscnaimh ina mbíonn páirtíocht láidir an stát chórais i gceist.
- Tuiscint mhaith ar chúrsaí airgeadais agus taithí ar bhuiséid a bhainistiú agus iarratais ar mhaoiniú a ullmhú.
- Cleachtach ar obair san earnáil dheonach / pobail.
- Scileanna maithe cumarsáide agus caidreamh poiblí.
- Taithí ar thuairiscí bainistíochta a ullmhú agus a chur i láthair.
- Taithí ar iarratais a ullmhú ar chlár maoinithe tionsnamh agus na tionscnaimh sin a thosú, a riaradh agus a thabhairt chun críche.